

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**  
**SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH, 2023**

---

**SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**

---

**PÁIPÉAR I – 100 MARC**  
(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

---

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.**

---

**ROINN A**

**1.** Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Ba chóir do pháistí níos mó Corpoideachais a dhéanamh ar scoil, teanga Eorpach eile a fhoghlaim agus níos mó léitheoireachta a dhéanamh ar son an taitnímh.
- (b) Céard is féidir a dhéanamh faoi athrú aeráide?
- (c) Ar chóir don rialtas rialú a dhéanamh ar na meáin shóisialta?
- (d) Ba chóir do gach duine a bheith in ann teach a cheannach.
- (e) An tábhacht a bhaineann le Ceol Gaelach, Damhsaí Gaelacha, Amhráin Ghaeilge agus Spóirt Ghaelacha sa bhunscoil.

(35 mharc)

**ROINN B**

**Freagair Ceist 2 nó Ceist 3**

**2.** Aistrigh go Gaeilge:-

The weekend is busy in our house. On Saturday, we do the house work and the shopping. On Sunday, we take a rest but we don't like to spend too much time on the sofa watching television. It is very important to get exercise. We go walking. There is a nice walk near our house. It is five kilometres long and it follows the coast. There are some beautiful views on the walk. It is a circle and we can start and finish at our house. My oldest daughter, Máire, is a great athlete and she loves the walk. My son, Pádraig, would prefer to stay at home but he enjoys the fresh air when we start walking. Some Sundays we meet another family on the walk. We have tea together in our house at the end. That is a good way to finish the day and the children enjoy meeting each other. We always feel ready for the new week on Sunday evening.

(15 mharc)

### 3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. I leave the house every morning at a quarter to eight. I reach the school at twenty to nine.
2. Cork is a big tourism county and a great place to go walking.
3. If my memory serves me correctly, the last book I read was *Hamnet*.
4. Can you recommend a Gaeltacht course in Donegal for me?
5. That house is for sale. It has a beautiful view of the sea.
6. My favourite pastime is to sing in a choir.
7. I would like a return ticket please. I will be returning on Thursday.
8. My father is a Principal and my mother is a nurse.
9. I collect my daughter from the childminder at half past three, every afternoon.
10. The children are afraid of the big dogs.

(15 marc)

### **ROINN C**

#### **Freagair Ceist 4 nó Ceist 5**

### 4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“An raibh tú (sa: bialann) nua (ar: Sráid) na hAbhann riamh?” arsa Áine. “Ní raibh ach chuala mé fúithi ceart go leor. Deirtear go bhfuil an bia go maith inti,” arsa Caoimhín. “Bhuel! Bhí béile agam inti (an: seachtaí) seo caite agus caithfidh mé a rá nach raibh mé ró-thóghtha leis an áit!” arsa Áine. “Nach (bí)?” arsa Caoimhín. “Bhí (triúr: múinteoirí) eile ón scoil in éineacht liom agus chuir an áit díomá (ar: sinn) go léir. Bhí an tseirbhís an-mhall. Thóg sé (fiche: nójmeád) orainn biachlár a fháil! (Ordaigh) mé anraith don chéadchúrsa agus bhí sé fuar. Is feoilséantóir í duine de na múinteoirí agus mhothaigh sí nach raibh rogha mhaith (ar: an: biachlár),” arsa Áine. “Is trua é sin,” arsa Caoimhín. “Bhí mé ag smaoineamh ar fheighlí linbh a fháil Dé Sathairn seo chugainn chun triail a (bain) as an mbialann sin ach d’athraigh mé mo phleananna!”

(10 marc)

### 5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. A pháistí! Ná (ith) bhur lón go dtí am lóin.
2. Tá na ceoltóirí (imigh) go dtí an comórtas ceoil.
3. Beidh tionól againn ag túis (an mhí) seo chugainn.
4. Beidh teacht le chéile ag Cumann (na Tuismitheoirí) amárach.
5. Tá Áine níos (óg) ná Máire.
6. Bhí an Príomhoide ag caint le do (máthair) ar maidin.
7. Tá blas álainn ar na (úlla) ón úllord sin.
8. Dá mbeadh léarscáil agam, (taispeán: mé) m’ait dúchais duit.
9. Bhí díomá ar Sheán nuair a theip (ar: é) sa triail tiomána.
10. An (fan: tú) i dtigh do mháthar gach deireadh seachtaine?

(10 marc)

## **ROINN D**

### **Freagair Ceist 6 nó Ceist 7**

**6.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

#### **Naomh Bríd**

#### **Curtha in oiriúint ó shliocht le hEibhlín Ní Challanáin a foilsíodh in Seal i Láthair Dé, 2016, Ich 16-18**

Tugtar ‘Muire na nGael’ ar Naomh Bríd agus is duine í de phátrúin na hÉireann in éineacht le Naomh Pádraig agus Naomh Colm Cille. Den chéad uair, sa bhliain 2023, bhí lá saoire poiblí ann in Éirinn chun a féile a mharcáil. Rugadh Naomh Bríd sa bhliain 451 agus tógadh í i bhFochaird in aice le Dún Dealgan, Contae Lú. Taoiseach ab ea a hathair, Dubhtach, agus sclábháí ab ea a máthair, Broicseach.

Baisteadh Bríd ina Críostaí agus í ina cailín óg. De réir an bhéaloidis, ba dhuine an-chineálta agus cráifeach í. Fiú nuair a bhí sí ina leanbh bhíodh grá mór aici do na bochtáin agus roinneadh sí a cuid bia leo. Lá amháin, thug athair Bhríde cuairt ar Rí Laighean. D’fhág sé Bríd sa charbad agus d’iarr sé uirthi aire a thabhairt dá chlaíomh. Tháinig bochtán chuici agus d’iarr sé cabhair uirthi. Thug sí dó cláiomh luachmhar a hathar. Bhí Dubhtach ar buile léi nuair a d’fhill sé ar an gcarbad.

Chinn Bríd ar a bheith ina bean rialta agus bhunaigh sí clochair in áiteanna éagsúla. Insítear scéal sa bhéaloideas faoi chuairt a thug Bríd ar Rí Laighean chun roinnt talaimh a fháil uaidh chun clochar a thógáil. Níor theastaigh ón rí aon talamh a thabhairt di ach mhol sé di a clóca a chur ar an talamh agus gheall sé an píosa talaimh faoina clóca a thabhairt di. Nuair a chuir Bríd a clóca ar an talamh d’fhás sé agus d’fhás sé go dtí go raibh píosa mór talaimh clúdaithe aige. Choinnigh an Rí a fhocal agus deirtear gur bhunaigh Bríd clochar Chill Dara ar an talamh sin.

Bhain Bríd úsáid as luachair chun crosóga a dhéanamh. Bhain sí leas as na crosóga sin chun an creideamh Críostaí a mhíniú. Is siombail fós iad crosóga Bhríde ar dhídean Dé.

Ceaptar go bhfuair Naomh Bríd bás ar an 1 Feabhra 525. Deirtear gur tógadh a corp as Cill Dara go Dún Phádraig níos déanaí agus gur cuireadh í le hais Naomh Pádraig ansin. Tá cáil fós ar Naomh Bríd ar fud na hÉireann de bharr a féile, a déirce agus a cúram do dhaoine broíte.

1. Cén teideal eile a thugtar ar Naomh Bríd?
2. Cén cruthúnas atá san alt nár tháinig máthair agus athair Naomh Bríd ón gcúlra céanna?
3. Cén fáth a raibh Dubhtach feargach le Naomh Bríd nuair a tháinig sé ar ais chuig an gcarbad?
4. Conas a fuair Bríd an talamh dá clochar i gCill Dara?
5. Cá bhfuil uaigh Naomh Bríd?

(10 marc)

**7.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

### Cathal Ó Sándair

**Sliocht atá curtha in oiriúint ó alt atá foilsithe ar an Vicipéid agus atá ar fáil anseo:**  
[https://ga.wikipedia.org/wiki/Cathal\\_%C3%93\\_S%C3%A1ndair](https://ga.wikipedia.org/wiki/Cathal_%C3%93_S%C3%A1ndair)

Údar Gaeilge ab ea Cathal Ó Sándair. Scríobh sé timpeall 160 leabhar san iomlán – eachtraí gearra don óige a bhformhór. Ba é an chéad duine é ar bronnadh Gradam Bhord na Gaeilge air. Rugadh é i Weston-Super-Mare, Sasana. Dornálaí ab ea a athair – Simon "Darkey" Saunders – agus Florence Elliot as Baile Átha Cliath ab ea a mháthair. Bhí triúr deartháireacha agus deirfiúr amháin ag Cathal.

D'aistrigh an teaghlaach go hÉirinn. Chuaigh Simon Saunders isteach in arm an tSaorstáit agus ba thiománaí é ag an Aire Caoimhín Ó hUiginn.

Fuair Cathal a chuid meánoideachais i Sráid Synge leis na Bráithre Críostaí. Fiú agus é sa bhunscoil bhí spéis ag Cathal sa Ghaeilge agus cuireadh chun na Gaeltachta é agus é deich mbliana d'aois. Foilsíodh a chéad ghearrscéal Gaeilge in iris óige na mBráithre, *Our Boys*, agus é sé bliana déag d'aois. Chuaigh sé isteach san Aerchór tar éis dó an scoil a fhágáil agus chaith sé na blianta ina dhiaidh sin ag obair mar státseirbhíseach. Bhí sé pósta le Máire McGeown as Ard Mhacha agus bhí ceathrar clainne acu.

Foilsíodh a chéad leabhar do pháistí, *Tríocha Píosa Airgid*, sa bhliain 1942, agus thosaigh sé ar shraith de scéalta bleachtaireachta an bhliain dar gcionn. Tuairim is céad leabhar a scríobh sé faoin mbleachtaire Réics Carló agus bhí díol an-mhór orthu ar feadh breis agus fiche bliain. Bhí sraitheanna eile aige, freisin, faoi shirriam in iarthar fiáin Mheiriceá, Réamonn Óg agus faoin spás-taisteaí, an Captaen Spéirling.

D'éirigh sé as a phost sa bhliain 1953 agus chuaigh leis an scríbhneoireacht go lánaimseartha. Ba é an t-aon scríbhneoir Gaeilge a dhíol os cionn 500,000 cóip dá leabhair. Tar éis deich mbliana, áfach, chuaigh sé ar ais sa státseirbhís ina oifigeach custaim. Fuair Cathal Ó Sándair bás ar an 18 Feabhra, 1996.

1. Cén t-aitheantas a thug Bord na Gaeilge do Chathal Ó Sándair?
2. Cén ról a bhí ag Simon "Darkey" Saunders agus é in arm an tSaorstáit?
3. Cén aois a bhí ag Cathal Ó Sándair nuair a foilsíodh a chéad ghearrscéal Gaeilge?
4. Céard a rinne Cathal Ó Sándair nár éirigh le haon scríbhneoir eile a dhéanamh?
5. Cá fhad a chaith Cathal Ó Sandáir ina scríbhneoir lánaimseartha?

(10 marc)

## **ROINN E**

### **Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10**

**8.** (a) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir Garda agus páiste faoin teideal, “Timpiste Bhóthair a chonaic mé,” comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meán ranganna nó sna ranganna sinsearacha. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(b) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Ceannaigh mé” agus scríobh síos an teanga a bhíonn in úsáid ag an mhúinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche?

(15 mharc)

**9.** (a) Mínigh an tábhacht a bhaineann le hionchur teanga sa Tréimhse Réamhchumarsáide.

(b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Ag Súgradh sa Sneachta” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí bunscoile sna meánranganna nó sna hardranganna.

(c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 mharc)

**10.** (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:

- (i) iarráidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh;
- (ii) easpa taitnímh a léiriú;
- (iii) tuairisciú;
- (iv) dóchas a léiriú.

(b) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Cluiche Kim” agus scríobh síos an teanga a bhíonn in úsáid ag an mhúinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche?

(c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásáí seo a leanas: “glanta,” “ag sleamhnú,” “mála scoile” agus conas a bheifeá in ann a sheiceáil gur thuig na páistí do mhínithe gan an cheist, “An dtuigeann tú?” a chur orthu?

(15 mharc)